

**SCÉIM OLLSCOIL LUIMNIGH 2009 – 2012**  
**Faoi Alt 11 d’Acht na dTeangacha Oifigúla 2003**

<b>Clár Ábhar</b>	<b>Leathanach</b>
<b>Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra</b>	<b>2</b>
1.1 Ullmhú na Scéime	
1.2 Ábhar na Scéime Teanga	
1.3 Dáta Tosaigh na Scéime	
1.4 Forbhreathnú ar Ollscoil Luimnigh	
1.5 An Méid Seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair	
<b>Caibidil 2: Soláthar Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta Institiúideacha</b>	<b>7</b>
2.1 Réamhrá	
2.2 Gealltanais Leanúnacha agus Nua	
<b>Caibidil 3: Tacú agus Cur Chun Cinn na Timpeallachta Dáttheangáí</b>	<b>11</b>
3.1 Réamhrá	
3.2 Gealltanais	
<b>Caibidil 4: Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim</b>	<b>13</b>
<b>Caibidil 5: An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú</b>	<b>14</b>

## CAIBIDIL 1

### RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

D'fhoilsigh Ollscoil Luimnigh a céad scéim in 2006 faoi *Alt 11* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Forálann *Alt 11* d'ullmhú Scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí a shonraíonn seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil

trí mheán na Gaeilge,  
trí mheán an Bhéarla, agus  
trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le glacadh lena chinntiú go soláthrófar seirbhís ar bith nach bhfuil le fáil trí mheán na Gaeilge laistigh de chreat ama agus/nó sraith scéimeanna – agus go mbeidh gach scéim i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana. Foilsíonn Ollscoil Luimnigh a dara Scéim don tréimhse 2009 – 2012 thíos de réir forálacha an Achta.

#### 1.1 Ullmhú na Scéime

1.1.1 Forálann *Alt 12* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú treoirlínte ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus dá n-eisiúint do chomhlachtaí poiblí chun cabhrú le hullmhú Dréachtscéimeanna. Dréachtaíodh an Scéim seo de réir na dtreoirlínte eisithe ag an Aire sa bhliain 2004.

1.1.2 Forbraíodh an Scéim agus na haighneachtaí a fuarthas tríd an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí á gcur san áireamh, chomh maith le tuairimí agus moltaí an phobail campais maidir le fáil, le hacmhainn agus le héileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge thar shaolré na chéad Scéime.

D'fhoilsigh an Ollscoil fógraí ag lorg aighneachtaí d'ullmhú na Dréachtscéime faoi *Alt 11* ó pháirtithe leasmhara ar bith in *The Limerick Post* (18 Aibreán 2009), *Foinse* (20 Aibreán 2009) agus ar [www.gaelpost.com](http://www.gaelpost.com). Fuarthas roinnt aighneachtaí.

1.1.3 Reáchtáladh cruinniú grúpa fócais do ghrúpaí ionadaíochta ó chúlchríoch na hOllscoile ar an gcampas an 27 Bealtaine 2009. Ina theannta sin, ghlac an Ollscoil páirt i gcomhairliúchán leis an dámh agus leis an bhfoireann trí shuirbhé ar líne.

1.1.4 Tugadh faoi iniúchadh cuimsitheach teanga ar bhail daimhe agus foirne OL i mí na Bealtaine 2009 mar chuid den phróiseas ullmhúcháin. Rinneadh seo chun leibhéil inniúlachta foirne a shonrú i roinnt ranna agus rannóga éagsúla, agus chun measúnú a dhéanamh ar an éileamh ar sheirbhísí ar fáil trí Ghaeilge agus ar thoilteanas foirne chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus i soláthar seirbhíse Gaeilge. Tá príomhthorthaí an iniúchta ar fáil ar ghréasán OL.

1.1.5 Bhunaigh Coiste na Gaeilge Ollscoil Luimnigh, Grúpa Oibre (An Mheitheal Oibre um Polasaí Gaeilge) i mí Lúnasa 2004, agus agus é mar mhionaidhm shoiléir acu Scéim 2006-2009 Ollscoil Luimnigh a fhorbairt. Athainmníodh an Grúpa Oibre faoin teideal Grúpa OL um Fhorfheidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla in 2006. D'ullmhaigh an Grúpa Scéim 2009-2012 i gcomhar le hionadaithe ó raon réimsí feidhmiúla, agus d'aontaigh Coiste na Gaeilge leis.

1.1.6 Tá Coiste Feidhmiúcháin Ollscoil Luimnigh buíoch as am agus obair gach aon duine a raibh baint acu le forbairt dara Scéim Ollscoil Luimnigh.

## 1.2 **Ábhar na Scéime Teanga**

1.2.1 Tá feabhas suntasach tagtha ar sholáthar seirbhíse ó tosaíodh an chéad Scéim. Cuireann an dara Scéim seo leis an méid seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi láthair trí Ghaeilge. Is iad cuspóirí Scéim 2009-2012 Ollscoil Luimnigh:

- Leanacht ar aghaidh ag feidhmiú ar na gealltanais ó thaobh cumarsáid leis na custaiméirí mar a bhí faoin gcéad scéim agus leibhéal na seirbhíse le linn tréimhse na Scéime nua (2009-2012) a fheabhsú;
- Cur le gealltanais na hOllscoile do chur chun cinn na Gaeilge chomh maith le prionsabail dearbhaithe cháilíochta agus feabhais ar gach ceann dá seirbhísí
- Cur leis na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge agus go dátheangach do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha agus “tairiscint ghníomhach” seirbhísí a sholáthar, agus
- Cur le feachtas teanga ball foirne agus cur le hinniúlacht bhall foirne i nGaeilge trí sholáthar leanúnach clár oideachais teanga agus tacaíochta Aonad na Gaeilge.

## 1.3 **Dáta Tosaithe na Scéime**

1.3.1 Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tiocfaidh an Scéim i bhfeidhm le héifeacht ón 29 Nollaig 2009 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin, nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de réir *Alt 15* den Acht, cibé acu is túsce.

## 1.4 **Forbhreathnú ar Ollscoil Luimnigh**

1.4.1 **Misean:** Is Ollscoil neamhspleách le fócas idirnáisiúnta í Ollscoil Luimnigh. Is é an misean atá aici ná cáil idirnáisiúnta a bhaint amach mar Ollscoil ar leith a mhúnlóidh an todhchaí trí oideachas a chur ar dhaoine agus iad a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar fhíordhúshlán amach anseo. Tá sé beartaithe ag an Ollscoil an méid sin a bhaint amach trí:

- Míic léinn fhíorchumasacha a mhealladh;
- Taighde ar ardchaighdeán a dhéanamh;
- Dámh agus baill foirne sármhaithe a earcú agus a choinneáil;
- Freastal a dhéanamh go gníomhach ar ár bpobail agus ar fhorbairt an réigiúin, agus
- Campas agus timpeallacht foghlama eisceachtúil a sholáthar.

1.4.2 **Straitéis :** Is í straitéis Ollscoil Luimnigh do 2006-2011 ná a fíis a fhíorú agus gníomhartha a dhéanamh maidir lena tiomantais do:

- Mianach cumasaithe an oideachais ar ardleibhéal chun saoránaigh bhisiúla fhiosracha a fhorbairt agus a chothú;
- Comhtháthú na foghlama, taighde agus nuálaíochta, agus smaointeoireacht mhachnamhach agus cruthaitheacht a bheith mar thréithe aige sin;
- A chinntiú go mbíonn na míic léinn ag croílár ár ngníomhartha;
- Taighde den scoth a dhéanamh i réimsí spriocdhírithé;
- An tábhacht a bhaineann le timpeallacht spreagthach champais;

- An luach a bhaineann le solúbthacht, éagsúlacht agus comhoibriú; agus
- A bheith ina príomh-rannpháirtí a chuireann le saol sóisialta, cultúir, spóirt agus geilleagair an réigiúin agus an náisiúin.

1.4.3 **Suíomh agus Leagan Amach an Champais:** Tá Campas na hOllscoile, a bhfuil 340 acra ann agus abhainn na Sionainne ina lár, 5 km ó Chathair Luimnigh agus 20 km ó Aerfort Idirnáisiúnta na Sionna. Díreach lena ais, tá an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta, céad pháirc eolaíochta/teicneolaíochta na hÉireann, a bhfuil 80 eagraíocht lonnaithe ann agus beagnach 4,000 duine fostaithe acu. Bíonn dlúth-idirghníomhaíocht idir an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta agus OL.

1.4.4 **Foireann agus Seirbhísí na hOllscoile:** Fostaíonn an Ollscoil thart ar 1300 d'fhoireann acadúil agus riaracháin. Is í príomhobair na hOllscoile ná oideachas a sholáthar agus taighde a dhéanamh trí na ranna acadúla, na lárionaid taighde, oifigí riaracháin agus trí sheirbhísí tacaíochta. Is ionann clárú mac léinn ag an Ollscoil agus thart ar 11,000 mac léinn fochéime agus iarchéime.

1.4.5 **Custaiméirí agus Cliaint:** I gcomhthéacs Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, sainmhínítear custaiméirí agus cliaint mar seo a leanas:

**Custaiméirí Inmheánacha:** mic léinn reatha, baill dáimhe agus foirne, baill den Údarás Rialaithe, comhlachtaí gaolmhara (m.sh. Seirbhísí Beatha Champais), agus céimithe.

**Custaiméirí Seachtracha:** mic léinn agus fostaithe atá le teacht, an pobal i gcoitinne, fostóirí comharoideachais agus soláthróirí ionaid taithí oibre eile, conraitheoirí agus sainchomhairleoirí, scoileanna, comhpháirtithe taighde, agus comhlachtaí stáit, leathstáit agus príobháideacha.

## 1.5 An Méid Seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair

1.5.1 Oibríonn Ollscoil Luimnigh go príomha trí mheán an Bhéarla. Tá forbairtí suntasacha curtha i gcrích ag an Ollscoil, áfach, thar thréimhse na chéad Scéime, maidir lena soláthar seirbhísí trí Ghaeilge agus sa dá theanga. Déantar cur síos orthu sin i míreanna 1.5.1.1 - 1.5.1.4 thíos:

### 1.5.1.1 Feiceálacht na Gaeilge i dTimpeallacht an Champais

- Tá leagan Gaeilge de Shuíomh Gréasáin OL ar fáil. Tá na leathanaigh bharrleibhéil go léir ar fáil i nGaeilge, chomh maith le roinnt leathanach eile, m.sh. Faisnéis agus Géilliúlacht agus Rúnaí Gníomhach.
- Tá na polasaithe, na nósanna imeachta agus na reachtanna go léir atá údaraithe ag an Údarás Rialaithe ar fáil i nGaeilge agus tá siad foilsithe ar shuíomh gréasáin an Rúnaí Ghníomhaigh.
- Tá an cháipéis Próifíl OL ar fáil sa dá theanga ar an suíomh gréasáin.
- Bíonn leagan Gaeilge de gach ceannteideal Dáimhe i Leabhrán Bronnta Céime OL chomh maith le haitheasc fáiltithe ón Uachtarán agus ón Seansailéir i nGaeilge agus i mBéarla.
- Táirgeadh Cártaí Nollag OL go leictreonach agus go dátheangach in 2007 agus 2008.

- Cuireadh liosta le chéile de bhaill dáimhe agus foirne OL atá toilteanach feidhmiú mar urlabhraithe trí mheán na Gaeilge agus eisíodh chuig meáin chumarsáide na hÉireann é.
- Tá leagan Gaeilge de Léarscáil an Champais ar fáil ar shuíomh gréasáin OL.
- Tá gach fógra tairisceana OL a fhoilsítear ar [www.etenders.gov.ie](http://www.etenders.gov.ie) ar fáil i nGaeilge.
- Tá teachtaireachtaí glórphoist taifeadtha ar fáil sa dá theanga sna hoifigí a ndírítear orthu i Scéim 2006-2009 (coimrithe ag 1.5.1.3).
- Tá foirmeacha iarratais do phostanna chomh maith le litreacha freagartha caighdeánacha ar fáil ag Roinn na nAcmhainní Daonna i nGaeilge.
- Tá cáipéis inmheánach Acmhainní Daonna, an Beart Earcaíochta, ar fáil i nGaeilge.
- Tá Conradh Riaracháin Caighdeánach Fostaíochta OL ar fáil i nGaeilge.
- Osclaíodh Seomra na Gaeilge, seomra caidrimh agus áis oscailte do phobal an champais, i mí Feabhra 2009.
- Tá méadú suntasach ar fheiceálacht na Gaeilge i Rannóg na Seirbhísí Faisnéise Leabharlainne.

#### 1.5.1.2 Oiliúint agus Forbairt Foirne

- Tá raon cuimsitheach clár oideachais Gaeilge ar fáil do bhaill foirne i rith uaireanta oibre. Cuireann an tAonad Oiliúna agus Forbartha Foirne agus Aonad na Gaeilge na clár sin chun cinn.
- Rinneadh cur i láthair feasachta teanga a áireamh mar chuid den Chlár Ionduchtúcháin a chuirtear ar fáil do na baill foirne agus dáimhe go léir.
- Dearadh clár feasachta teanga, Gnéithe den Fheasacht Teanga. Cuireadh é seo (croímhodúl GA3034), san áireamh sna clár Teastas/Dioplóma sa Ghaeilge OL.
- Ainmníodh ball foirne amháin i 16 réimse spriocdhírthe chun freagracht a ghlacadh as plé le custaiméirí trí mheán na Gaeilge. Tá coimre ar na réimsí seo faoi 1.5.1.3. thíos.

#### 1.5.1.3 Ranna agus Oifigí Spriocdhírthe

Ó tosaíodh a céad Scéim, tá Ollscoil Luimnigh tiomanta do spreagadh a thabhairt d'fhorbairt scileanna Gaeilge i ngach réimse, ach i 16 réimse feidhmiúla spriocdhírthe ach go háirithe. Is próiseas céimneach é cur le scileanna teanga, áfach, agus bíonn roinnt mhaith ama agus tiomantais i gceist leis. Chruthaigh bogadh foirne idir réimsí feidhmiúla, agus saincheisteanna eile soláthair foirne, dúshlán maidir le forbairt acmhainní laistigh de na réimsí feidhmiúla. Níl ar chumas na hOllscoile inniúlacht sa Ghaeilge a chur san áireamh agus earcaíocht foireann ionaid á rialú.

Thug an Ollscoil faoi atheagrú suntasach ar a ranna agus ar a hoifigí acadúla sa bhliain 2007. Bunaíodh ceithre dhámh mar thoradh air sin. Rinneadh an liosta thíos a athchóiriú ó liosta na chéad Scéime chun an t-atheagrú a léiriú agus tagrófar dóibh, faoin Scéim seo feasta, mar na “*Spriocréimsí*”. Tá ball foirne ainmnithe ag gach ceann de na hoifigí thíos chun déileáil go héifeachtach trí mheán na Gaeilge le custaiméirí, de réir mar is gá.

1. Rannóg Ghnóthaí Mac Léinn (An Oifig Iontrála\*, Oifig Rochtana);
2. Riarachán Acadúil na Mac Léinn;

3. Rannóg an Airgeadais;
4. Roinn na nAcmhainní Daonna;
5. Rannóg na Teicneolaíochta Faisnéise;
6. Rannóg na Seirbhísí Faisnéise Leabharlainne;
7. Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta;
8. Dámh na hEolaíochta\* agus na hInnealtóireachta\*;
9. Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte\* ;
10. An Oifig Thaighde;
11. Faisnéis agus Géilliúlacht\*;
12. An Roinn Buanoideachais agus For-rochtana;
13. Soláthar agus Conarthaí;
14. Seirbhísí Beatha Campais (lóistín san áireamh);
15. Rannóg an Chomharoideachais agus na nGairmeacha;
16. Foirgnimh agus Eastáit.

\*Ba chóir a thabhairt faoi deara nach ndearnadh aon tagairt do ghealltanais d'ainmniú pearsanra sna hIontrálacha, san Innealtóireacht, sna hEolaíochtaí Sláinte agus san Eolaíocht i gcéad Scéim OL. Díriodh ar an Oifig um Shaoráil Faisnéise ar dtús ach athainmníodh an oifig sin faoin teideal Faisnéis agus Géilliúlacht. Áirítear na réimsí sin anois mar thoradh ar an atheagrú amháin.

#### 1.5.1.4 Cáipéisí do Mhic Léinn

- Tá na foirmeacha seo a bhaineann le Riarachán Acadúil na Mac léinn ar fáil go dátheangach ar an ngréasán: foirmeacha maidir le Díolúine; Aistriú Inmheánach; Cead Neamhláithreachta; In-Nasc; In-Nasc Ócáideach, agus Athiontráil.
- Tá cóipeanna crua de na foirmeacha seo a leanas ar fáil go dátheangach: foirmeacha maidir le hImeacht; Deontas; Iarratais Litreach; Iarratais Trascríbhinní, agus Athrú Seolta.
- Tá na foilseacháin seo a leanas ar fáil i nGaeilge chomh maith: Achoimre ar Chláir Fochéime (Leagan Gaeilge); Foirm Iarratais Fochéime (Leagan Gaeilge); Gíoró Táille Iarratais (Dátheangach); Gíoró Tairisceana (Dátheangach); Bileog Faisnéise do Mhic Léinn Lánfhásta (Leagan Gaeilge); Treoracha maidir le Glacadh le Tairiscint (Leagan Gaeilge), agus Iarratas ar Athiontráil (Leagan Gaeilge).

## CAIBIDIL 2

### SOLÁTHAR SEIRBHÍSI /GNÍOMHAÍOCHTAÍ INSTITIÚIDEACHA GINEARÁLTA

#### 2.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo leagtar amach córas na dteangacha oifigiúla atá i bhfeidhm ag an Ollscoil maidir lena cuid seirbhísí agus gníomhaíochtaí.

Rinne Grúpa OL um Fhorfheidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla athbhreithniú ar nósanna imeachta um sheirbhísí aistriúcháin le linn na chéad Scéime, agus leanfaidh an Ollscoil ar aghaidh chun foinsí lasmuigh a úsáid le haghaidh a cuid riachtanas aistriúcháin. Déanfar athbhreithniú air sin le linn an dara Scéim. Tá nósanna imeachta mionsonraithe le haghaidh aistriúchán Gaeilge ar fáil go dátheangach ar shuíomh gréasáin OL mar eolas do bhaill foirne agus dáimhe go léir.

#### 2.2 Gealltanais Leanúnacha agus Nua

##### 2.2.1 Gealltanais Leanúnacha – Cumarsáid Ghinearálta le Custaiméirí

Baineadh amach na cuspóirí seo a leanas le linn na chéad Scéime agus leanfar ar aghaidh leo ó thús an dara Scéim:

- Beidh na teachtaireachtaí glórphoist sna réimsí seo a leanas i nGaeilge agus i mBéarla: Oifig an Uachtaráin, Oifig an Leas-Uachtaráin, (Acadúil & Clárathoir), Oifig an Rúnaí Ghníomhaigh, Oifig an Stiúrthóra Airgeadais, an Oifig Iontrála, Riarachán Acadúil Mac Léinn, Rannóg na nAcmhainní Daonna, Rannóg an Chomharoideachas agus na nGairmeacha, agus Rannóg na Seirbhísí Faisnéise agus Leabharlainne
- Leanfaidh an fhoireann ag an bPríomhionad Fáilte le beannú do chustaiméirí agus le hainm na hOllscoile a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla. Tá socruithe cuí i bhfeidhm ionas go mbeidh siad in ann glaoiteoirí a chur i dteagmháil gan mhoill leis an mball den fhoireann atá freagrach as an tseirbhís atá á lorg trí Ghaeilge, má tá a leithéid ar fáil.

##### 2.2.2 Gealltanais Nua - Cumarsáid Ghinearálta le Custaiméirí

- Aontófar ar na gnáthaimh maidir le déileáil le custaiméirí i nGaeilge agus foilseofar go himheánach iad i gcéad bhliain na Scéime. Cothóidh sé seo scothchleachtas i bhfreastal ar an gcustaiméir.
- Eiseoidh an Oifig Iontrála litreacha caighdeánacha a chuirtear chuig mic léinn nua go dátheangach (Bliain a hAon).
- Beidh glórphoist Oifigí na nDéan agus na mBainisteoirí Dáimhe sna ceithre dhámh i nGaeilge agus i mBéarla (Bliain a hAon):

Dámh an Ghnó (Scoil Ghnó Kemmy)

Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte

Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta

Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus nEolaíochtaí Sóisialta.

### 2.2.3 Gealltanais Leanúnacha – Cláir Acadúla

Leanfar ar aghaidh leis na gealltanais seo a leanas ón gcéad Scéim Ollscoile:

- Cuirfear an Ghaeilge ar fáil chuig leibhéal céime ar roinnt clár, lena n-áirítear Baitsiléir Ealaíon (Comhonóracha)  
B.A. Teangacha Feidhmeacha  
B.A. Ceol agus Rince na hÉireann  
B.A. Teanga, Litríocht agus Scannánaíocht  
B.Sc. Corpoideachas.
- Cuirfidh an Ollscoil modúl roghnach, An Ghaeilge Ghairmiúil ar fáil i mbliain a trí do mhic léinn na Roinne Oideachais agus an Léinn Ghairmiúil.
- Cuirfidh an Ollscoil na modúil seo a leanas ar fáil do mhic léinn an chúrsa B.A. Ceol agus Rince na hÉireann: GA4161 An Ghaeilge Fheidhmeach do Cheoltóirí agus do Rinceoirí 1; GA4162 An Ghaeilge Fheidhmeach do Cheoltóirí agus do Rinceoirí 2, agus GA4173 An Ghaeilge Fheidhmeach do Cheoltóirí agus do Rinceoirí 3.
- Tacófar le húsáid leanúnach na Gaeilge i nDámh Chruinne Éireann: Rince agus Ceol. Déanfar éascaíocht, faoi réir fháil ar mhaoirseoirí cú, do mhic léinn ar mian leo a n-aighneachtaí scríofa a chur ar aghaidh trí Ghaeilge.
- Leanfar ar aghaidh leis an rogha chun taighde iarchéime a dhéanamh trí mheán na Gaeilge i réimse na sochtheangeolaíochta.

### 2.2.4 Gealltanais Nua – Cláir Acadúla

- Déanfaidh an Ollscoil an clár Teastas sa Ghaeilge: An Ghaeilge sa Saol Comhaimseartha a thairiscint ar an gcampas. Tá trí mhodúl teanga sa chúrsa seo chomh maith le modúl amháin ar an bhfeasacht teanga. Tá an cúrsa oiriúnach go háirithe d'fhostaithe comhlachtaí poiblí a bhfuil suim acu in inniúlacht foirne a fhorbairt chun ceanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh.
- Cuirfear an modúl Gaeilge do Thosaitheoirí 3 (GA4163) ar fáil ón mBliain Acadúil 2010/11, do mhic léinn an chúrsa BA Ceol agus Rince na hÉireann agus do mhic léinn Staidéir Thar Lear.
- Cuirfear Gaeilge ar fáil mar rogha sa Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Teangacha) roimh dheireadh na Scéime. Beidh sin faoi réir cheadú na Comhairle Múinteoireachta.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go ndéantar athbhreithniú ar chláir acadúla ag OL ar bhonn leanúnach ag an leibhéal bord cúrsa, roinne, dáimhe agus institiúideach. Cuirtear athruithe i bhfeidhm ar chúrsaí ag brath ar shrianta maoinithe, leibhéal chláráithe, athrú foirne, nó athrú straitéise roinne/institiúide.



### 2.2.5 Lóistín ar an gCampas

- Leanfar ar aghaidh le Scéim Chónaithe OL do mhic léinn na chéad bhliana, ag brath ar mhaoiniú leanúnach ón Údarás um Ardoideachas agus ó Sheirbhísí Beatha an Champais.
- Cuirfidh Seirbhísí Beatha Campais an rogha ar fáil do gach iarrthóir ar lóistín ar an gcampas i nGráig Chill Mhuire chun lóistín a roghnú a chuirtear in áirithe do chainteoirí Gaeilge.

### 2.2.6 Foilseacháin, Preaseisiúintí, Bróisiúir, Foirmeacha, Bileoga Faisnéise

- Leanfaidh an Ollscoil ar aghaidh ag foilsiú gach Reachta, Polasaí, Nós Imeachta nuacheadaithe ag Údarás Rialaithe na hOllscoile sa dá theanga. Beidh siad sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Rúnaí Ghníomhaigh, [www.ul.ie/actingsecretary](http://www.ul.ie/actingsecretary).
- Leanfaidh an Ollscoil ar aghaidh ag foilsiú na mbileog, na mbróisiúir agus na faisnéise seo a leanas i nGaeilge nó sa dá theanga: Próifíl OL: Fíricí agus Figiúirí (athbhreithnithe go bliantúil agus ar fáil ar shuíomh gréasáin OL); Achoimre: Cláir Lánaimseartha Bunchéimeanna Onóracha agus Riachtanais Iontrála (athbhreithnithe go bliantúil); Codanna de Leabhrán Bronnta Céime OL, agus anBróisiúir Lóistín.
- Foilsíonn an Ollscoil eisiúintí chun na meán i dtaobh ghnó ginearálta na hOllscoile maidir le ceisteanna nó imeachtaí tábhachtacha náisiúnta/idirnáisiúnta, agus/nó a thagraíonn d'ábhair spéise choitinn go náisiúnta, agus/nó a bhaineann le himeachtaí campais ar dhócha tábhachtach agus tionchar a imirt go náisiúnta. Leanfaidh an Ollscoil ar aghaidh le 25 faoin gcéad de na heisiúintí seo a thagraíonn do cheisteanna tábhachtacha náisiúnta/idirnáisiúnta a eisiúint go dátheangach le linn saolré na Scéime.
- Cuirfear fáilte fós roimh ailt i nGaeilge nó sa dá theanga in UL Links, iris na hOllscoile, a eisítear dhá uair sa bhliain.
- Cuirfear gach foirm atá sna spriocréimsí ar fáil go dátheangach. Beidh fáil faoi chlúdach amháin ar gach foirm aonbhileogach. Cuirfear ar shúile don chustaiméir go bhfuil fáil ar leagan ar leith Gaeilge trí ráiteas cuí a bheith ar an leagan Béarla den doiciméad agus trí aon slí eile a mheasann an Ollscoil a bheith oiriúnach.

### 2.2.7 Suíomh Gréasáin

Ní mór do láithreáin ghréasáin atá óstaithe ar fhreastalaí corparáideach OL cloí le Treoirlínte Deartha agus Inúsáidteachta. Caithfidh [ul.ie](http://ul.ie) a bheith le feiceáil ina chuid de gach ainm fearainn eagrais/coláiste/roinne.

Leanfaidh Ollscoil Luimnigh lena gealltanais ón gcéad Scéim go ndéanfar na leathanaigh bharrleibhéil de ghréasán na hOllscoile a chur ar fáil sa dá theanga le linn saolré an dara Scéim. Cinnteofar mar sin go mbeidh aon leathanach barrleibhéil “nua” ar fáil sa dá theanga.

Ina theannta sin, foilseofar leaganacha dátheangacha leathanaigh bhaile na réimsí riaracháin/ acadúla seo a leanas roimh dheireadh Scéim 2009-2012:

Rannóg an Airgeadais (Bliain a Dó)  
Rannóg na Seirbhísí Faisnéise Leabharlainne (Bliain a hAon)  
Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (Bliain a hAon)  
Dámh an Ghnó (Bliain a Dó)  
Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte (Bliain a hAon)  
Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta (Bliain a Dó)  
Roinn na nAcmhainní Daonna (Bliain a hAon)  
Foirgnimh agus Eastáit (Bliain a hAon)  
Oifig an Rúnaí Ghníomhaigh (Bliain a hAon)  
Riarachán Acadúil na Mac Léinn (Bliain a hAon)  
An Oifig Iontrála (Bliain a Dó)  
Cosaint Sonraí (Bliain a Dó)  
Bainistíocht Taifead (Bliain a Dó)  
A thuilleadh forbartha ar leathanach gréasáin Acht na dTeangacha Oifigiúla (Bliain hAon – a Trí).

Leanfar leis an fhaisnéis seo a leanas a bheith ar fáil ar an láithreán gréasáin i mBéarla amháin:

- Faisnéis atá dírithe ar phobal léitheoireachta idirnáisiúnta;
- Faisnéis shainteicniúil;
- Cláir staidéir ghréasánbhunaithe (seachas cláir Ghaeilge, sa chás go bhforbrófaí iad), agus
- Faisnéis a bhaineann le cláir reatha nó nua (seachas cinn atá ar fáil trí Ghaeilge).

Le linn tréimhse na Scéime reatha, cuirfear tús le gach seirbhís idirghníomhach nua go comhuaineach sa dá theanga. Cuirfear rogha Ghaeilge ar fáil i rith na tréimhse céanna in aon uasghrádú a dhéanfar ar chúrsaí idirghníomhacha, atá ar fáil i mBéarla cheana féin.

Cinntoidh an Ollscoil nuair a chuirfear amach tairiscintí ar chórais ríomhaireachta nua, nó uasdátaithe, (córais ghlórphoist san áireamh, m.sh. teachtaireachtaí taifeada ar ardaitheoir), go n-iarrfar, nuair is cuí, córais a mbeidh de chumas iontu réiteach le bunachar ilteangach agus go n-iarrfar go mbeidh gné idirphlé an úsáideora in ann an Ghaeilge a láimhseáil.

### **2.2.8 Teicneolaíocht Faisnéise**

Is féidir le ríomhairí pearsanta na hOllscoile tacú leis an nGaeilge maidir le hiontráil agus eagarthóireacht a dhéanamh ar théacs agus seiceáil litrithe. Féadtar ainmneacha agus logainmneacha a thaifeadadh, a léiriú agus a chló i gceachtar ceann de na teangacha oifigiúla.

### **2.2.9 Teagmháil le Meáin Chumarsáide Sheachtracha**

Déanfar nuashonrú gach bliain ar an liosta de dhámh agus de bhaill foirne atá toilteanach agus inniúil chun plé leis na meáin chumarsáide maidir le míreanna nuachta a bhaineann lena réimse agus cuirfear an liosta ar fáil trí Phreasoifig OL.

## CAIBIDIL 3

### TACÚ AGUS CUR CHUN CINN NA TIMPEALLACHTA DÁTHEANGAÍ

#### 3.1 Réamhrá

Tugadh gearrchuntas i gCaibidil 2 ar príomhthiomantais Ollscoil Luimnigh maidir lena seirbhísí agus lena gníomhaíochtaí don tréimhse 2009-2012.

Déanann an chaibidil seo cur síos ar phleananna na hOllscoile chun próifíl na Gaeilge ar an gcampas a ardú, feasacht ar shaincheisteanna a bhaineann le teanga a ardú, tacaíocht teanga a sholáthar, acmhainn Ghaeilge na mball foirne sna spriocréimsí a fheabhsú agus tacú le roinnt forbairtí maidir le taighde trí Ghaeilge. Is é príomhghéalltanais an dara scéim seo, áfach, ná “tairiscint ghníomhach” a fhorbairt a chuirfidh seirbhísí chun cinn agus a chuirfidh custaiméirí ar an eolas faoi na seirbhísí a forbraíodh mar chuid den chéad Scéim 2006-2009 agus den Scéim reatha seo. Bainfidh Ollscoil Luimnigh amach na spriocanna atá rianaithe thíos, roimh dheireadh na Scéime reatha.

#### 3.2 Gealltanais

##### 3.2.1 Oiliúint agus Forbairt Foirne

- Leanfar ar aghaidh le cur i láthair feasachta teanga mar chuid de Chlár Ionduchtúcháin OL. Tuairiscítear ansin an oibleagáid reachtaíochta atá ar OL faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003;
- Reáchtálfar dhá imeacht feasachta teanga ar a laghad gach bliain acadúil don phobal campais i gcoitinne;
- Leanfaidh an Ollscoil ar aghaidh ag soláthar clár oideachais teanga straitéiseach do bhaill foirne le linn uaire oibre le haghaidh réimsí spriocdhírthe 2006-2009 agus iarrfar ar bhall amháin ar a laghad den fhoireann, i ngach spriocréimse thíos, páirt a ghlacadh i gclár foghlama teanga:
  - Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte;
  - Dámh an Ghnó;
  - Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta;
  - An Oifig Iontrála.
- Leanfaidh Aonad na Gaeilge ar aghaidh le cláir dheireadh seachtaine Gaeltachtbhunaithe a sholáthar do phobal an champais i gcoitinne, agus
- Leanfaidh an Ollscoil ar aghaidh ag déanamh measúnú ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge trí mhonatóireacht a dhéanamh ar leibhéal na bhfiosrúcháin agus na n-iarratas agus trí iniúchtaí ar éileamh a dhéanamh. Déanfar iniúchadh ar scileanna teanga ball foirne agus ar an éileamh ar sheirbhísí (Bliain a Dó).

##### 3.2.2 Méadú ar Fheiceálacht na Gaeilge i dTimpeallacht an Champais

- Cuirfear imeachtaí rialta trí mheán na Gaeilge chun cinn i Seomra na Gaeilge.
- Beidh saoráid dháttheangach scáileáin tadhaill ar fáil ar gach saoráid féinseirbhíse i Rannóg na Seirbhísí Faisnéise Leabharlainne (Bliain a hAon), agus

- Tosóidh Oifigí na nDéan agus Oifigí Bhainisteoir na Dáimhe ag úsáid Gaeilge ina gcuid síniúchán ríomhphoist i rith chéad bhliain na Scéime. (Bliain a hAon)

### 3.2.3 Tacaíocht Teanga

- Bunófar Líonra Tacaíochta Teanga inmheánach do dhaoine “ainmnithe” ó gach spriocréimse. (Bliain a hAon).
- Scaipfear cárta deasca dátheangach le frásaí úsáideacha le húsáid ar an teileafón nó ag seirbhísí cuntair i measc na spriocréimsí riaracháin. (Bliain a hAon).
- Cuirfear comhaid Mp3 chun cabhrú le fuaimniú na bhfrásaí thuas ar fáil. (Bliain a hAon).
- Cuirfear treoir d’fhuaimniú ainmneacha Gaeilge ag na Searmanais Bhronnta Céime ar fáil. (Bliain a hAon).
- Foilseofar treoir chuimsitheach dhátheangach de théarmeolaíocht na hOllscoile go himmheánach. (Bliain a hAon).

### 3.2.4 Tairiscint Ghníomhach

- Déanfar coimisiúnú ar shiombail OL do sheirbhísí dátheangacha a chur chun cinn ar an gcampas. Scaipfear nótaí poist poiblíochta ar fud na réimsí feidhmiúla riaracháin go léir. (Bliain a hAon)
- Tabharfar faoi fheachtas póstaer chun an fháil atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge a chur chun cinn. (Bliain a hAon)
- Iarrfar ar bhaill foirne atá toilteanach idirghníomhaíocht a dhéanamh le custaiméirí i nGaeilge ar bhonn “fáiltithe”, agus/nó ar an teileafón i ranna agus in oifigí seachas na spriocréimsí a gcead a thabhairt a n-ainmneacha a fhoilsiú ar ghréasán OL.
- I gcás bileog eolais agus foirmeacha iarratais a soláthraíodh i leaganacha ar leith Gaeilge agus Béarla, tabharfar an ardréim chéanna do gach ceann den dá leagan ag gach ionad poiblí agus beidh fáil chomh furasta céanna ar an leagan Gaeilge is a bheas ar an leagan Béarla.
- Soláthrófar liosta nuashonraithe na mball foirne (Bealtaine 2009) atá toilteanach gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge do na baill foirne ag an bPríomhionad Fáilte d’fhonn éascaíocht a dhéanamh do chliaint ar mhian leo a ngnó Ollscoile a dhéanamh trí Ghaeilge. Déanfar an liosta seo a nuashonrú gach bliain.

### 3.2.5 Taighde

- Reáchtálfar Siompóisiam Lae amháin ar a laghad do mhic léinn taighde OL ar fud na ndisciplíní go léir roimh dheireadh na Scéime reatha. Is í an aidhm atá leis sin ná obair mhic léinn ar bith ó dhisciplín ar bith atá in ann a gcuid oibre a chur i láthair trí Ghaeilge a chur ar taispeáint.
- Déanfar ceardlann amháin ar a laghad i scríbhneoireacht acadúil i nGaeilge a thairiscint do bhaill foirne agus do mhic léinn taighde a bhfuil suim acu ann roimh dheireadh na Scéime reatha.

## **CAIBIDIL 4**

### **MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ AR AN SCÉIM**

- Is í an Rúnaí Gníomhach, i gcomhar le Coiste na Gaeilge a bheidh freagrach as a chinntiú go bhfuil na próisis ar bun a chuirfidh ar chumas na hOllscoile na spriocanna a leagtar amach sa Scéim a bhaint amach go héifeachtach.
- Beidh comhfhreagracht ar an lucht bainistíochta sinsearach laistigh den Ollscoil agus ar Choiste na Gaeilge, mar go bhfuil cúram chur chun cinn na Gaeilge agus chultúr na hÉireann san Ollscoil ar an gCoiste sin, as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim. Coimeádfaidh an dá dhream sin oibriú éifeachtach na Scéime faoi athbhreithniú. Déanfaidh ceannairí na ranna agus na n-aonad eile atá freagrach as cur i bhfeidhm na Scéime laistigh dá réimsí féin ó lá go lá an ghnáthfheidhm mhonatóireachta don chuid is mó.
- Tuairisceoidh an Rúnaí Gníomhach agus Coiste na Gaeilge do Choiste Feidhmiúcháin na hOllscoile maidir le dul chun cinn ginearálta chur i bhfeidhm na Scéime.

## **CAIBIDIL 5: AN SCÉIM CHOMHAONTAITHE A PHOIBLIÚ**

Déanfar poiblíocht ar ábhair an dara Scéim seo, chomh maith le gealltanais agus forálacha na Scéime laistigh den Ollscoil agus den phobal i gcoitinne trí:

- Preaseisiúint;
- Fógraíocht ar sholáthairtí;
- Faisnéis a scaipeadh ar na gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí cuí, agus
- Suíomh gréasáin na hOllscoile.

Ina theannta sin, a luaithe a bhíonn sé de chumas ag na ranna agus na hoifigí a rinne gealltanais seirbhís a sheachadadh, déanfar poiblíocht air sin chomh maith trí shuíomh gréasáin na hOllscoile. Taispeánfar siombal OL do chur chun cinn seirbhísí dátheangacha i ngach rann agus oifig ábhartha.

Meastar gurb í tairiscint ghníomhach OL, a coimríodh faoi alt 3.2.4, is bunúsáí i gcur i bhfeidhm éifeachtach forálacha na Scéime. Gheofar chomh maith, sna gnáthaimh inmheánacha (2.2.2) atá beartaithe, tagairt do thábhacht tairiscint ghníomhach ar sheirbhísí a sholáthar chun deileáil le custaiméirí i nGaeilge. Deimhneoidh na gealltanais atá á dtabhairt anseo go dtapaíonn an Ollscoil gach deis ina caidreamh le custaiméirí a cuid seirbhísí Gaeilge a phoiblíú agus a chur chun cinn.

Seolfar cóip den Scéim seo ar aghaidh chuig An Coimisinéir Teanga. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é an leagan Béarla buntéacs na Scéime seo.